# RÁITEAS COSANTA SONRAÍ CHUN MÁISTIRSHONRAÍ FEITHICLE A BHAINEANN LE FIN A CHUR AR FÁIL Ó VOLKSWAGEN GROUP INFO SERVICES AG DO NA BRANDAÍ VOLKSWAGEN PKW, VOLKSWAGEN NUTZFAHRZEUGE, AUDI, SKODA, SEAT AGUS CUPRA (VIN SPECIFICATIONS FOR REPAIR & MAINTENANCE)

Leis an ráiteas cosanta sonraí seo cuirimid in iúl duit go bpróiseáileann an Volkswagen Group Info Services AG sonraí pearsanta chun na gcríoch atá luaite anseo.

Is é Volkswagen Group Info Services AG an comhéadan lárnach maidir le sonraí gluaisteachta le haghaidh roinnt brandaí an Ghrúpa Volkswagen. Cuirimid sonraí máistirshonraí feithicle a bhaineann le FIN ar fáil go lárnach do d'fheithicil mar choinneálaí nó úinéir na feithicle chun measúnú ceart ar dhamáiste agus meastachán costas deisiúcháin agus cothabhála a dhéanamh.

Is féidir an soláthar sonraí seo a dhéanamh go díreach chuig an garáiste, cuideachta árachais nó measúnóir damáiste a roghnaíonn tú mar choinneálaí / úinéir na feithicle, nó trí sholáthraí bogearraí mar idirghabhálaí / bróicéir sonraí a aisghabhálann na sonraí seo ó Volkswagen Group Info Services AG thar ceann an gharáiste, cuideachta árachais nó measúnóir damáiste a roghnaíonn tú.

**A. An Rialaitheoir Sonraí**

Is é an Volkswagen Group Info Services AG an rialaitheoir atá freagrach as próiseáil sonraí pearsanta (féach pointe D.) an ráiteas cosanta sonraí seo. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ag an seoladh seo a leanas:

Volkswagen Group Info Services AG
Berliner Ring 2
38440 Wolfsburg
An Ghearmáin

gis-support@cariad.technology

Uimhir leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí HRB 207876 (Cúirt Dúiche Braunschweig)

Suíomh Idirlín: https://drivesomethinggreater.com/

**B. Oifigeach Cosanta Sonraí**

Tá ár n-oifigeach cosanta sonraí ar fáil duit mar dhuine teagmhála le haghaidh gach imní a bhaineann le cosaint sonraí. Seol do chuid fiosruithe chuig:

Oifigeach Cosanta sonraí Volkswagen Group Info Services AG
Berliner Ring 2
38440 Wolfsburg
An Ghearmáin

gis-privacy@cariad.technology

**C. Cuspóir leis an bpróiseáil**

Cuireann Volkswagen Group Info Services AG sonraí FOD áirithe a bhaineann le FIN ar fáil maidir le feithiclí de chuid na mbrandaí Volkswagen PKW, Volkswagen Nutzfahrzeuge, Audi, Seat, Cupra agus Skoda chuig garáiste, cuideachta árachais, nó measúnóir damáiste a roghnaíonn tú mar choinneálaí nó úinéir na feithicle chun measúnú ceart ar dhamáiste agus meastachán costas deisiúcháin agus cothabhála a dhéanamh. Is féidir go bhfuil soláthraí bogearraí coimisiúnaithe

ag an garáiste, ag an gcuideachta árachais nó ag an measúnóir damáiste a roghnaigh tú chun na sonraí a theastaíonn don mheasúnú ceart damáiste agus/nó chun tacú leis na sonraí don deisiúcháin agus don chothabháil a aisghabháil ó Volkswagen Group Info Services AG mar chomhéadan lárnach do shonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Volkswagen Group agus chun iad a ullmhú □□.

Lena linn sin faigheann Volkswagen Group Info Services AG na máistirshonraí feithicle a bhaineann le FIN ó bhrandaí an Ghrúpa Volkswagen agus ansin cuireann sé na sonraí seo ar fáil mar chomhéadan lárnach do shonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen go díreach chuig an garáiste nó measúnóir damáiste a roghnaigh tú féin nó chuig soláthraí bogearraí thar ceann an gharáiste, na cuideachta árachais nó an mheasúnóra damáiste de réir an dlí um chosaint sonraí.

**D. Catagóirí sonraí**

Faigheann Volkswagen Group Info Services AG na sonraí pearsanta seo a leanas ó Volkswagen AG (Berliner Ring 2, 38440 Wolfsburg), Audi AG (Auto-Union-Str. 1, 85057 Ingolstadt), ŠKODA AUTO a.s. (tř. Václava Klementa 869, 293 01, Mladá Boleslav) und SEAT CUPRA, S.A.U. (Autovía A-2, km 585, 08760 Martorell) agus seolann sé ar aghaidh iad chuig an bhfaighteoir thuasluaite:

1. FIN,
2. Máistirshonraí feithicle (m.sh. Bliain na samhla, uimhir na samhla, cineál tarchuir, cineál breosla, etc.).

Faigheann an Volkswagen Group Info Services AG na sonraí pearsanta seo a leanas ó do chomhpháirtí conartha:

3. Uimhir chonartha/doiciméadú an chonartha a rinneadh idir tú féin agus an garáiste, an chuideachta árachais nó an measúnóir damáiste a roghnaigh tú mar choinneálaí/úinéir na feithicle, chun a chinntiú nach gcuireann Volkswagen Group Info Services ach máistirshonraí Volkswagen atá bunaithe ar FIN le conradh bailí ar fáil do gharáistí, cuideachtaí árachais nó measúnóirí damáiste ar mhaithe le measúnú ceart damáiste, cothabháil agus meastachán costas deisiúcháin /luacha iarmharthaigh.

**E. Bunúis dlí**

Is é seo a leanas an bunús dlí atá le próiseáil sonraí pearsanta maidir leis an táirge a dhéanann Volkswagen Group Info Services AG:

Comhlíonadh riachtanach an chonartha a rinne tú (Airt. 6 (1) (b) RGCS) maidir le measúnú damáiste, cothabháil nó deisiúchán a dhéanamh nó meastachán costais deisiúcháin/luacha iarmharthaigh maidir le d'fheithicil ag an ngaráiste, an chuideachta árachais nó an measúnóir damáiste a roghnaigh tú mar choinneálaí/úinéir na feithicle, chomh maith le leas dlisteanach Volkswagen Group Info Services AG (Airt. 6, (1) (f), RCGS).

Is é Volkswagen Group Info Services AG an comhéadan lárnach chun sonraí gluaisteachta a sholáthar ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen agus tá leas dlisteanach aige na sonraí a tharchuireann brandaí an Ghrúpa Volkswagen chuig Volkswagen Group Info Services AG a chur ar fáil trínár Mol Sonraí (https://drivesomethinggreater.com/) chun damáiste a mheasúnú i gceart, chun tacú maidir le deisiúchán agus cothabháil agus chun costais feithiclí de chuid Volkswagen Group a mheas.

**F. Faighteoir sonraí**

Nochtfar do shonraí chun na críche atá sainithe thuas do na faighteoirí sonraí seo a leanas:

- Garáistí, cuideachtaí árachais agus/nó measúnóirí damáiste (daoine freagracha leithleacha);
- Próiseálaithe an gharáiste, na cuideachta árachais nó an mheasúnóra damáiste faoi seach a roghnaigh tú mar choinneálaí na feithicle; (e.g. soláthraí bogearraí, garáistí nó measúnóir damáiste) agus
- Próiseálaithe Volkswagen Group Info Services AG.

**G. Foinse sonraí**

Tá do shonraí faighte againn ó:

- Volkswagen AG, Berliner Ring 2, 38440 Wolfsburg
- AUDI AG, Auto-Union-Str. 1, 85057 Ingolstadt,
- ŠKODA AUTO a.s., tř. Václava Klementa 869, 293 01, Mladá Boleslav.
- SEAT CUPRA, S.A.U., Autovía A-2, km 585, 08760 Martorell.

**H. Tréimhse stórála**

I bprionsabal, ní stóráiltear na sonraí pearsanta atá liostaithe anseo ag Volkswagen Group Info Services AG. Cuireann Volkswagen Group Info Services AG na sonraí seo ar fáil go teicniúil mar chomhéadan lárnach do shonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen ón mbranda faoi seach chun críche measúnú ceart damáiste, cothabhála agus meastachán costais deisiúcháin/luacha iarmharthaigh chuig garáiste, cuideachta árachais nó measúnóir damáiste a roghnaigh tú mar choinnealaí na feithicle. Is féidir na sonraí a sholáthar trí sholáthraí bogearraí a bhailíonn na sonraí seo ó Volkswagen Group Info Services AG thar ceann an gharáiste nó an mheasúnóra damáiste a roghnaigh tú, de réir an dlí um chosaint sonraí. Ag Volkswagen Group Info Services AG, cuirtear na sonraí ar aghaidh go simplí gan iad a stóráil.

Ar mhaithe le hoibleagáidí coinneála a bhaineann le dlí tráchtála agus cánach agus ar chúiseanna cosanta sonraí (cuntasacht), ní dhéanann Volkswagen Group Info Services AG ach cartlannú ar mhodh iniúchta-dheimhnithe gur cuireadh sonraí an táirge "VIN Specification for Repair & Maintenance" (féach pointe D.) le haghaidh FIN ar leith ar fáil d'fhaighteoir ar bhonn conartha ar leith (uimhir chonartha/doiciméadú), gan na máistirshonraí feithicle a díorthaíodh a stóráil é féin (féach pointe D).

**I. Do Chearta**

Is féidir leat do chearta a dhearbhú i gcoinne Volkswagen Group Info Services AG ag am ar bith saor in aisce.

Tá tuilleadh eolais ar conas do chearta a fheidhmiú le fáil ar an suíomh Gréasáin https://privacy.drivesomethinggreater.com

**Ceart chun faisnéise**

Tá sé de cheart agat faisnéis a fháil, i.e. deimhniú a iarraidh orainne maidir le cé acu agus – má tá – cé na sonraí pearsanta a bhaineann leat atá á bpróiseáil agus cén sonraí a cuireadh ar aghaidh agus cén faighteoirí a fuair na sonraí sin. Ina theannta sin, bíonn sé de cheart agat go ginearálta

cóip a fháil de na sonraí pearsanta atá próiseáilte againn. Ba mhaith linn a chur in iúl duit nach ndéanann Volkswagen Group Info Services AG, mar an comhéadan lárnach do shonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen, ach na sonraí a chur ar aghaidh go teicniúil, ach nach stórálann siad féin iad (féach pointe H.).

**Ceart chun ceartúcháin**

Tá sé de cheart agat iarraidh orainn aon sonraí pearsanta atá míchruinn nó neamhiomlán a bhaineann leat a cheartú. Ba mhaith linn a chur in iúl duit nach ndéanann Volkswagen Group Info Services AG, mar an comhéadan lárnach do shonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen, ach na sonraí a chur ar aghaidh, ach nach stórálann siad féin iad (féach pointe H.).

**Ceart chun scriosta**

Tá an ceart agat, má tá na coinníollacha in Airt.17 RGCS comhlíonta, a iarraidh go scriosfar sonraí pearsanta a bhaineann leat. Is féidir leat ansin, mar shampla, a iarraidh go scriosfar na sonraí seo mura bhfuil siad riachtanach a thuilleadh chun na críocha ar bailíodh iad dóibh. Lena chois sin, is féidir leat scriosadh a iarraidh freisin má phróiseálaimid sonraí pearsanta ar bhonn do thoilithe agus má tharraingíonn tú siar an toiliú seo. Ba mhaith linn a chur in iúl duit nach ndéanann Volkswagen Group Info Services AG, mar an comhéadan lárnach do shonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen, ach na sonraí a chur ar aghaidh, ach nach stórálann siad féin iad (féach pointe H.).

**Ceart chun próiseáil a shrianadh**

Tá sé de cheart agat a iarraidh go ndéanfaí próiseáil do shonraí a shrianadh má tá coinníollacha Airt.18 RGCS comhlíonta. Tá sé sin amhlaidh, mar shampla, má dhéanann tú díospóid faoi chruinneas na sonraí pearsanta a phróiseálaimid. Is féidir leat a iarraidh go gcuirfí srian leis an bpróiseáil ar feadh na tréimhse a ndéantar cruinneas na sonraí pearsanta a sheiceáil. Ba mhaith linn a chur in iúl duit nach ndéanann Volkswagen Group Info Services AG, mar an comhéadan lárnach do shonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen, ach na sonraí a chur ar aghaidh, ach nach stórálann siad féin iad (féach pointe H.).

**Ceart chun inaistritheacht sonraí**

Má tá an phróiseáil sonraí bunaithe ar thoiliú nó ar chomhlíonadh conartha agus go ndéantar í freisin trí úsáid a bhaint as próiseáil uathoibrithe, tá sé de cheart agat do shonraí a fháil i bhformáid struchtúrtha, choiteann atá inléite ag meaisín agus iad a tharchur chuig rialaitheoir eile. Ina theannta sin, tá sé de cheart agat a iarraidh go ndéanfaí na sonraí pearsanta a tharchur go díreach uainne chuig rialaitheoir eile. Ba mhaith linn a chur in iúl duit nach ndéanann Volkswagen Group Info Services AG, mar an comhéadan lárnach do shonraí gluaisteachta ó roinnt brandaí de chuid an Ghrúpa Volkswagen, ach na sonraí a chur ar aghaidh, ach nach stórálann siad féin iad (féach pointe H.).

**Ceart agóide**

A mhéid a phróiseálaimid sonraí pearsanta ar bhonn leasanna dlisteanacha, tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil na sonraí seo ag am ar bith ar chúiseanna a eascraíonn as do chás ar leith. Má bhaineann d’agóid in aghaidh phróiseáil sonraí chun críocha margaíochta dírí, tá ceart ginearálta agóide agat, a chuirfimid i bhfeidhm gan cúiseanna a lorg.

**Ceart cúlghairme**

Má tá próiseáil na sonraí bunaithe ar thoiliú, tá sé de cheart agat do thoiliú a tharraingt siar ag am ar bith saor in aisce le héifeacht don todhchaí trí ríomhphost a sheoladh chuig gis-support@cariad.technology.

**Treoir de réir Airt. 11 RGCS**

Ba mhaith linn a chur in iúl nach bhfuil sinne mar Volkswagen Group Info Services AG in ann, i go leor cásanna, úsáideoirí breise feithicle nó na príomhúsáideoirí a shainaithint agus, de réir Airt. 11 RGCS, nach bhfuil oibleagáid orainn faisnéis bhreise a bhailiú nó a phróiseáil chun daoine lena mbaineann a shainaithint.

Má dhearbhaíonn tú cearta inár n-aghaidh, ní mór dúinn do stádas mar ábhar sonraí a dheimhniú de réir bhrí RGCS agus d'fhéadfaimis tuilleadh faisnéise a lorg uait más gá. Cinntíonn sé seo freisin nach sáraítear cearta tríú páirtithe agus sonraí pearsanta á scaoileadh againn.

**Cinntí aonair uathoibrithe**

Ní dhéantar aon chinnteoireacht uathoibrithe de réir Airt. 22 RGCS.

**Ceart gearán a dhéanamh**

Tá sé de cheart agat freisin gearán a dhéanamh le húdarás maoirseachta faoinár bpróiseáil ar do shonraí. Is é an t-údarás maoirseachta atá freagrach do Volkswagen Group Info Services AG ná:

An Coimisinéir Stáit um Chosaint Sonraí Niedersachsen,

Prinzenstraße 5,

30159 Hannover,

poststelle@lf.niedersachsen.de.

Amhail Márta 2025